

Feidhm: Ag cur ceiste cad é atá ar siúl ag duine/daoine agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 6.1

- Scaip **Bileog 6.1** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt na focail a phlé le chéile. Bí cinnte go bhfuil brí na bhfocal ag gach duine sula gcuireann siad an t-alt roimh gach focal. Pléigh inscne na bhfocal leis an rang ar fad.

an naíonra
an bhunscoil
an mheánscoil
an ollscoil
an coláiste
an institiúid teicneolaíochta

- Tabhair deis do na foghlaimeoirí ansin an comhrá a léamh os ard ina mbeirteanna.
- Léigh thusa tríd an chomhrá ansin le bheith cinnte go bhfuil an fuaimniú ceart acu agus go dtuigeann siad gach rud ann.
- Iarr ar bheirt an comhrá a léamh amach os ard don rang ansin.

- Cuir gach beirt ag obair ar na horduimhreacha.



Na horduimhreacha

Úsáidtear na horduimhreacha chun rudaí a chur in ord (*an chéad teach, an dara teach an tríú teach*).

An chéad bhliain
An dara bliain
An tríú bliain
An ceathrú bliain
An cúigiú bliain
An séú bliain
An seachtú bliain
An t-ochtú bliain
An deichiú bliain

- Caithfidh gach duine ansin féachaint ar an phictiúr agus cinneadh a dhéanamh cad atá gach duine sa phictiúr a dhéanamh. Abair leo úsáid a bhaint as a samhlaíocht. Ba cheart go mbeadh abairt mar seo acu:

- *Tá Lisa ag freastal ar an mheánscoil.*
- *Tá Susan sa dara bliain ollscoile.*

- Caithfidh siad ansin ceisteanna a chur ar a chéile i.e. ‘cad atá ar siúl ag ...?’
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang ansin cur síos a dhéanamh duit ar na daoine sa phictiúr os comhair an ranga.

Feidhm: Ag cur ceiste faoi cad iad na hábhair atá ar siúl ag duine/daoine agus ag freagairt na ceiste sin


Bileog 6.2, Bileog 6.3A agus Bileog 6.3B


- Scaip **Bileog 6.2** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt liosta a dhéanamh de chuid de na tíortha san Eoraip agus liosta de na teangacha a labhraítear sna tíortha sin chomh maith.

<i>An Ollainn</i>	<i>An Ollainnis</i>
<i>Sasana</i>	<i>An Béarla</i>
<i>An Ghearmáin</i>	<i>An Ghearmáinis</i>
<i>Éire</i>	<i>An Ghaeilge</i>
<i>An Iodáil</i>	<i>An Iodáilis</i>
<i>Laitvia</i>	<i>An Laitvis</i>
<i>An Fhrainc</i>	<i>An Fhraincis</i>
<i>An Spáinn</i>	<i>An Spáinnis</i>
<i>An Bhreatain Bheag</i>	<i>An Bhreatnais</i>
<i>An Fhionlainn</i>	<i>An Fhionlainnis</i>
<i>An Iorua</i>	<i>An Ioruais</i>
<i>An tSualainn</i>	<i>An tSualainnis</i>
<i>An Danmhairg</i>	<i>An Danmhairgis</i>
<i>An Phortaingéil</i>	<i>An Phortaingéilis</i>

- Na hábhair choitianta eile:

Gaeilge
Béarla
Teangacha eile (thuas)
Matamaitic
Stair
Tíreolaíocht
Staidéar Gnó
Eacnamaíocht (Bhaile)
Ríomhaireacht
Eolaíocht
Ealaín

-  Is focail bhaininsneacha iad na tíortha den chuid is mó. Seo thíos cuid de na cúiseanna go bhfuil inscne an fhocail chomh tábhachtach sin:
 - Athraíonn tús an fhocail sa tuiséal ainmneach ag brath ar inscne an fhocail.
 - Tá rialacha difriúla ann d'fhocail fhirinsneacha agus bhaininsneacha sa tuiséal tabharthach.
 - Athraíonn an t-alt agus an focal sa tuiséal ginideach ag brath ar cén inscne atá ag an fhocal sin.
 - Mar chonclúid, tá sé deacair d'fhoghlaimoír seilbh cheart a fháil ar an teanga gan inscne na bhfocal a bheith ar eolas acu.

-  - Cuirtear urú ar chonsan i gcanúint na Mumhan agus Chonnacht, cuirtear séimhiú ar chonsan i gcanúint Uladh, mar shampla: *ar an Ghaeilge* agus *ar an nGaeilge*.
 - Baintear an ‘t’ as focail fhirinscneacha a thosaíonn le guta i ngach canúint, mar shampla: *ar an urlár*.
 - Cuirtear ‘t’ le focail bhaininscneacha a thosaíonn le ‘s’ i ngach canúint, mar shampla: *ar an tsráid*.
- Míniú tionchar na canúna ar an riall ghramadaí thuas.
- Tabhair seans do gach beirt ansin liosta a dhéanamh de na hábhair ollscoile ar fad gur féidir leo smaoineamh orthu. Bíodh na hábhair seo san áireamh:

Ailtireacht
Seandálaíocht
Ceimic
Bitheolaíocht
Leigheas
Tréidliacht
Litríocht

- Cleachtadh cainte is ea an ghníomhaíocht dheireanach. Caithfidh na foghlaimeoirí ligean orthu gur mic léinn iad agus ábhair a roghnú. Abair leo an comhrá samplach a léamh ar dtús le cabhrú leo.
- Cuir béim ar an struchtúr seo – *Tá mé ag déanamh staidéir ar an . . .*
- Déan druil leis an rang ar an struchtúr seo, ag cur na ceiste: *Cén cúrsa atá á dhéanamh agat? Tá mé ag déanamh staidéir ar an nGaeilge.*
- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar.
- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 6.3A** gearrtha amach roimh an rang. Tabhair cárta **Seán** do dhuine amháin sa ghrúpa, cárta **Pól** don chéad dhuine eile agus mar sin de. Míniú dóibh go mbeidh orthu an t-eolas ar an chárta a léamh amach don ghrúpa ar ball.
- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 6.3B** gearrtha amach agat chomh maith roimh an rang. Bíodh cárta amháin agat do gach duine sa rang.
- Míniú dóibh go mbeidh gach duine sna grúpaí ag léamh amach an eolais atá ar an chárta atá acu féin.
- Caithfidh gach duine sa ghrúpa an oiread eolais agus is féidir a fháil faoi na daoine éagsúla agus an t-eolas sin a líonadh isteach sna cártaí atá acu.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta iarr ar dhaoine sa rang an t-eolas a fuair siad a insint duit.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi na cáilíochtaí atá agat

Bileog 6.4

- Scaip **Bileog 6.4** ar an rang agus cuir gach beirt le chéile.
- Míniú dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip ar ball ach go gcaithfidh siad na bearnaí a líonadh leis na focail atá sa bhosca faoin alt ar dtús.

- Cuir an téip ar siúl ansin le feiceáil an raibh an ceart acu. Cuir ar siúl faoi dhó é más gá.
- Léigh tríd an phíosa tú féin ansin leis an rang ar fad.
- Tabhair seans do gach beirt abairtí a chumadh le brí na bhfocal a léiriú.
 - *Is í an Ardeistiméireacht an scrúdú is tábhachtaí in Éirinn.*
 - *Bhí mé ceithre bliana déag d'aois nuair a rinne mé an Teastas Sóisearach.*
 - *Tá céim san Eolaíocht agam.*
 - *Tá Dioplóma sa Ghaeilge ar fáil anois.*
 - *Ba mhaith liom máistreacht sa Litríocht a dhéanamh nuair atá mo chéim déanta agam.*
 - *Tá teastas sa chlósscríobh agam.*
 - *Níl go leor airgid agam iarchéim a dhéanamh faoi láthair.*

- Tabhair seans do gach beirt píosa beag cainte a dhéanamh leis an cheist *Cad iad na cáilíochtaí atá agat?* a chur ar a chéile.
- Cáilíochtaí eile:

Dochtúireacht, Ard-Teastas san Oideachas, céim onóracha etc .

- Iarr orthu ansin tabhairt faoi na haidiachtaí. Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu téigh siar ar na bunrialacha a bhaineann le céimeanna comparáide na haidiachta.
- Míniú d'fhéidir go mbaineann na haidiachtaí leis na grúpaí seo thíos agus téigh siar ar na hathruithe a thagann ar na haidiachtaí i ndiaidh **níos** agus **is**.

<i>Suimiúil:</i>	<i>níos/is suimiúla</i>	<i>(dathúil/spéisiúil)</i>
<i>Tábhachtach</i>	<i>níos/is tábhachtaí</i>	<i>(leadránach/santach)</i>
<i>Éasca</i>	<i>níos/is éasca</i>	<i>(buí/casta)</i>
<i>Deacair</i>	<i>níos/is deacra</i>	<i>(socair/láidir)</i>

Na haidiachtaí atá neamhrialta:

<i>saor</i>	<i>níos saoire</i>
<i>daor</i>	<i>níos daoire</i>
<i>gairid</i>	<i>níos gairide</i>
<i>fada</i>	<i>níos faide</i>
<i>deas</i>	<i>níos deise</i>
<i>olc</i>	<i>níos measa</i>
<i>maith</i>	<i>níos fearr</i>
<i>óg</i>	<i>níos óige</i>
<i>ramhar</i>	<i>níos raimhre</i>
<i>álainn</i>	<i>níos áille</i>
<i>te</i>	<i>níos teo</i>
<i>sean</i>	<i>níos sine</i>
<i>mór</i>	<i>níos mó</i>
<i>beag</i>	<i>níos lú</i>

- Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh dá chéile ar an oideachas a fuair siad féin. Abair leo an oiread aidiachtaí agus is féidir a úsáid. Ba cheart go mbeadh siad in ann píosa beag cainte mar seo a dhéanamh:


D'fhreastail mé ar an bhunscoil i gCorcaigh, thaitin an scoil go mór liom. Bhí na múinteoirí an-deas. Bhí an mheánscoil leadránach go leor, cheap mé go raibh an Ardteistiméireacht ródheacair. Bhí mé sásta nuair a thosaigh mé ar an ollscoil. Rinne mé staidéar ar an Pholaitíocht agus shíl mé go raibh sé an-suimiúil. Tá máistreacht sa Pholaitíocht agam fosta.

- Nuair atá siad réidh abair le cúpla duine cur síos a dhéanamh duit os comhair an ranga. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí/ranganna

Bileog 6.5A, Bileog 6.5B agus Bileog 6.6

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag malartú eolais faoi chúrsaí éagsúla atá ar siúl i nGaelchultúr. Bí cinnte go dtuigeann siad nach bhfuil an t-eolas céanna acu.
- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 6.5A** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bhileog 6.5B** don leath eile. Roinn an rang i mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 6.5A** do dhuine den bheirt agus **Bileog 6.5B** don duine eile. Tabhair seans do gach duine a bhileog féin a léamh agus bí thusa thart le cuidiú má bhíonn ceisteanna ag duine ar bith ag an am seo.
- Cuirfidh duine A na ceisteanna ag barr an leathanaigh ar dhuine B ansin. Caithfidh an duine seo pointí beaga eolais a fhaigheann siad ón duine eile a bhreacadh síos.
- Nuair atá na ceisteanna ar fad curtha, beidh seans ag duine B ansin na ceisteanna a chur ar dhuine A faoin bhfógra atá ag an duine sin, agus pointí beaga eolais a bhreacadh síos chomh maith.
- Iarr orthu ansin a bhfógraí a léamh amach os ard le chéile le feiceáil an raibh an t-eolas a bhreac siad síos ceart.

-  Briathra sa chéad réimniú (siolla amháin de ghnáth)

-faidh	-fidh
dúnfaidh mé	cuirfidh mé
dúnfaidh tú	cuirfidh tú
dúnfaidh sé/sí	cuirfidh sé/sí
dúnfaimid	cuirfimid
dúnfaidh sibh	cuirfidh sibh
dúnfaidh siad	cuirfidh siad

An ndúnfaidh?	An gcuirfidh?
Ní dhúnfaidh	Ní chuirfidh

Briathra sa dara réimniú (dhá shiolla de ghnáth)

-óidh	-eoidh
labhróidh mé	éireoidh mé
labhróidh tú	éireoidh tú
labhróidh sé/sí	éireoidh sé/sí
labhróimid	éireimid
labhróidh sibh	éireoidh sibh
labhróidh siad	éireoidh siad

An labhróidh? An éireoidh?
Ní labhróidh Ní éireoidh



Na Briathra Neamhrialta san Aimsir Fháistineach

abair (say)

An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/Ní déarfaidh

beir (catch, give birth to)

An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/Ní bhéarfaidh

clois (hear)

An gcloisfidh tú? Cloisfidh/Ní chloisfidh

déan (make, do)

An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/Ní dhéanfaidh

faigh (get)

An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/Ní bhfaighidh

feic (see)

An bhfeicfidh tú? Feicfidh/Ní fheicfidh

ith (eat)

An íosfaidh tú? Íosfaidh/Ní íosfaidh

tabhair (give)

An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

tar (come)

An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/Ní thiocfaidh

téigh (go)

An rachaidh tú? Rachaidh/Ní rachaidh

bí (be)

An mbeidh tú? Beidh/Ní bheidh

- Tabhair seans do na foghlaimeoirí anois labhairt faoi na cúrsaí ag bun an leathanaigh san aimsir fháistineach. Mar shampla:

Ba mhaith liom rang oíche a dhéanamh sa Ghearmáinis, beidh an rang ar siúl i lár na cathrach.

- Scaip **Bileog 6.6** ar an rang ar fad. Míniú d'óibh go mbeidh siad ag obair ina mbeirteanna.
- Abair leo na fógraí a léamh amach os ard le chéile ar dtús agus a phlé le chéile.
- Bí thusa thart le cuidiú leo má bhíonn fadhb ar bith acu.
- Ansin abair leo a rá leis an duine in aice leo cén cúrsa ar mhaith leo a dhéanamh agus cén fáth. Tá ceisteanna ann le cuidiú leo.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi chúrsaí agus ag cur rogha in iúl

Bileog 6.7 agus Bileog 6.8


- Sula scaipeann tú **Bileog 6.7** ar an rang múin an struchtúr seo don rang:

*B'fhearr liom an ghramadach ná an chaint
B'fhearr liom Gaillimh ná Baile Átha Cliath*

- Déan druil leis an rang ag cleachtadh an struchtúir seo. Cuir an cheist:

Cé acu ab fhearr leat, an Ghaeilge nó an Spáinnis?

- Léigh na ceisteanna ag barr an leathanaigh leis an rang le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart acu an fuaimniú ceart acu.
- Tabhair seans do gach beirt ansin na hainmfhocail agus na haidiachtaí a léamh le chéile sula dtosaíonn siad ag caint.
- Cuir grúpaí de cheathrar nó de thriúr le chéile leis na ceisteanna faoin gcúrsa a phlé le chéile.
- Bí thusa thart le cuidiú le deacracht ar bith a bheadh acu.
- Ansin iarr ar gach grúpa Gaeilge a chur ar an phictiúr ar dheis:



Chugat

Lár an Ghleanntáin
Scoil Sárphuach

- Cuir an téip ar siúl ansin don rang faoi dhó agus tabhair deis dóibh na tuairimí a chloiseann siad a scríobh síos.
- Pléigh thusa na freagraí leis an rang ar fad.
- Abair le gach duine cuntas a scríobh faoi (a) cúrsa oíche nó (b) rang ar bith ar fhreastail siad air.
- Scaip **Bileog 6.8** ar an rang.
- Abair leo gur páipéar samplach é seo do scrúdú A2 agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Iarr ar gach duine na ceisteanna a fhreagairt leo féin ar dtús agus nuair atá siad críochnaithe a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo.

- Ansin iarr orthu an píosa a léamh os ard le chéile agus nuair a bheidh siad críochnaithe léigh thusa an píosa leis an rang iomlán.